C/2024/1564

5.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An tábhacht straitéiseach a bhaineann le hearnáil airgeadais an Aontais – conas measúnú agus meastóireacht a fheabhsú

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/1564)

Rapóirtéir: **Antonio GARCÍA DEL RIEGO**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	15.11.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	13.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	198/0/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tacaíonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) le geilleagar níos iomaíche a fhorbairt mar phríomhthosaíocht de chuid lucht ceaptha beartas. Tá an earnáil baincéireachta ar cheann de na hearnálacha is mó a chuirfidh le baint amach na huaillmhéine sin, á chur san áireamh go bhfuil príomhról aici i maoiniú gheilleagar an Aontais agus go bhfuil ríthábhacht léi a mhéid a bhaineann le huathriail straitéiseach an Aontais, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach.

1.2. Tuigtear do CESE nach mbeadh fás ná iomaíochas ann gan cobhsaíocht airgeadais. Agus cobhsaíocht airgeadais ann, bíonn caipiteal poiblí agus príobháideach cosanta sa chaoi nach féidir le bainc ar theip orthu an caipiteal sin a ionsú ar mhaithe le tarrtháil. Ina theannta sin, bíonn an geilleagar trí chéile cosanta ar an míshocracht agus ar an damáiste comhthaobhach a d'eascródh as teip na mbanc sin.

1.3. Tacaíonn CESE le héagsúlacht earnáil baincéireachta an Aontais ina hiomláine, agus í ina hearnáil ina bhfuil bainc ar de mhéideanna difriúla iad, ag a bhfuil struchtúir éagsúla úinéireachta agus samhlacha difriúla gnó. Is gnéithe iad sin a chuireann go mór le hathléimneacht na hearnála. Teastaíonn cur chuige comhréireach rialála ina leith sin, ceann nach gcuirfidh isteach ar cheanglais fhónta chaipitil, á áirithiú san am céanna go mbeidh an earnáil i gcónaí faoi réir bhuanmhaoirseacht an tsásra aonair maoirseachta (SAM).

1.4. Is díol sásaimh do CESE an tseiceáil iomaíochais a bhfuiltear a thabhairt isteach agus creideann sé gur cheart na ceithre ghné den tseiceáil a mheaitseáil leis na gnéithe sonracha den earnáil airgeadais. Ba cheart an tseiceáil a bheith ina beart rialaithe lena n-áiritheofaí go gcuirfeadh na tograí leis an iomaíochas, leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás inbhuanaithe. Níor chóir í a agairt, áfach, d'fhonn cúis a thabhairt le himeacht ó na caighdeáin idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas tiomanta dá gcur chun feidhme, amhail creat Basel III.

1.5. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tseiceáil iomaíochais i gcás earnáil baincéireachta an Aontais toisc nach bhfuil ag éirí leath chomh maith céanna leis an earnáil sin san Aontas agus atá i mórgheilleagar eile ar domhan le deich mbliana anuas. Ba cheart leas a bhaint as an tseiceáil iomaíochais mar uirlis faireacháin chun a chinntiú go mbeadh tionchar dearfach ag tograí nua ar an iomaíochas, rud a chuirfeadh leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás inbhuanaithe. Tugann CESE dá aire gurb ionann caipitliú margaidh an bhainc is mó sna Stáit Aontaithe agus caipitliú margaidh na ndeich banc is mó san Aontas agus go raibh sciar 58 % de mhargadh an Aontais ag ceithre bhanc infheistíochta ó na Stáit Aontaithe in 2022. Tá sé tábhachtach go mbeadh seirbhísí baincéireachta éifeachtúla corparáideacha agus infheistíochta ag an Aontas, ós rud é go bhfuil riosca ann go n-éireodh bainc thar lear as na gníomhaíochtaí atá ar bun acu san Aontas i gcás ina mbainfí suaitheadh as an margadh, rud, dá bhrí sin, a chuirfeadh an rochtain atá ag corparáidí ar acmhainní ríthábhachtacha i mbaol.

1.6. D'fhéadfaí a áireamh sa tseiceáil iomaíochais gnéithe a bhaineann le cothrom iomaíochta a áirithiú ionas go mbeidh ar chumas bhainc an Aontais a fheidhmíonn i mbreis agus an t-aon dlínse amháin dul san iomaíocht, ar na dálaí céanna, leis na bainc náisiúnta i ngach ceann dá spriocmhargaí. Tá sé tábhachtach grinnscrúdú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá beartaithe ar mhaithe lena mheas an gcuireann sí le cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais. Tá sé tábhachtach freisin scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir margaí an Aontais a chomhtháthú tuilleadh, ar an gcaoi ar féidir infheistíocht ón iasacht a tharraingt isteach agus ar an gcaoi a dtacaíonn an earnáil airgeadais leis an bhfás. Ar deireadh, ba cheart sraith táscairí a leagan síos d'fhonn méid na digiteála agus an méid maoinithe atá ann a mheas.

1.7. Agus anailísí agus measúnuithe á ndéanamh, ba cheart féachaint i gcónaí ar an tionchar atá ag reachtaíocht nua ar an infheistíocht, ar ghníomhaíocht trasteorann, ar an aitheantas a thugtar do shamhlacha gnó baincéireachta agus ar chaomhnú cothroime iomaíochta. Ar an gcaoi sin, d'áiritheofaí go mbeadh an earnáil baincéireachta iomaíoch, go bhféadfaí uathriail straitéiseach a bhaint amach san earnáil agus na hacmhainní a shlógadh a bhfuil gá leo le haghaidh an chlaochlaithe ghlais agus an chlaochlaithe dhigitigh.

1.8. Ach oiread le Parlaimint na hEorpa, is údar imní do CESE nach ndearna an Coimisiún modheolaíocht a fhorbairt ina gcuimsítear torthaí carnacha na dtograí a bhí ann roimhe seo maidir leis an iomaíochas, agus iarrann sé go gcuirfí an tseiceáil iomaíochais chun feidhme i bpacáistí reachtacha agus i gclár oibre an Choimisiúin ar an iomlán.

1.9. Measann CESE nach sásúil an ionadaíocht a dhéantar ar na geallsealbhóirí sna measúnuithe tionchair agus go gcuirtear as dóibh páirt a ghlacadh iontu i ngeall ar an bpróiseas féin agus ar thoradh praiticiúil na gcomhairliúchán sin.

1.10. Tá CESE á mholadh go bhfeabhsófaí an cur chuige córasach atá ann i dtaca le sonraí criticiúla a bhailiú agus le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu ionas go bhféadfaí iad a chur san áireamh mar ba cheart agus meastóireacht *ex post* á déanamh ar thionscnaimh. Iarrann sé freisin go ndéanfaí tuilleadh díchill chun na geallsealbhóirí a spreagadh le páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin a dhéanfar amach anseo trína chur in iúl dóibh ar bhealach níos soiléire an chaoi a gcuirtear a dtuairimí san áireamh i measúnuithe tionchair.

1.11. Ba cheart don Choimisiún Eorpach soiléiriú a thabhairt ar na modhanna a úsáidtear d'fhonn cuspóirí sainiúla, cáilíocht agus cuntasacht na gcleachtaí *ex ante* agus *ex post* araon a chaomhnú san fhadtéarma.

2. **Cúlra**

2.1. Tá claochlú ó bhonn á dhéanamh ag an Aontas Eorpach ar a gheilleagar agus ar a thionscal chun gur féidir leis a bheith iomaíoch i gcónaí agus chun fás agus rathúnas a áirithiú. Chuige sin, tá córas airgeadais dea-fheidhmiúil agus fónta ríthábhachtach.

2.2. An 5 Aibreán 2022, chuir an Chomhairle Eorpach i bhfáth gur gá díriú ar earnáil airgeadais an Aontais (na bainc, na cuideachtaí árachais agus na bainisteoirí sócmhainní) a iompú ina hearnáil láidir iomaíoch agus athléimneach, ceann a fhreastalóidh ar an bhfíorgheilleagar agus a sheachnóidh rioscaí a eascróidh as spleáchas iomarcach ar institiúidí agus ar bhonneagair airgeadais tríú tír ([1]).

2.3. Níor cuireadh an tAontas Baincéireachta ná Aontas na Margaí Caipitil i gcrích go fóill, tá ilroinnt fós i margaí airgeadais an Aontais, agus níl cleachtas maoirseachta na n-údarás inniúil náisiúnta comhchuibhithe a dhóthain laistigh den Aontas. Cuireann na tosca sin go léir bac ar fhorbairt margaidh caipitil chomhtháite san Aontas Eorpach ([2]).

2.4. Bainc atá cobhsaí agus athléimneach, is cumasóirí fáis iad na bainc sin. Cuireann siad maoiniú ar fáil, próiseálann siad íocaíochtaí agus éascaíonn siad coigilt airgid. Sa limistéar euro, cosnaíonn siad taiscí ar fiú EUR 23 thrilliún iad ([3]), rinne siad 114 bhilliún neamhíocaíochtaí a phróiseáil in 2021 ([4]), tá ról ríthábhachtach acu sa chomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus sciúradh airgid, cuireann siad 70 % den iasachtú iomlán ar fáil ([5]) agus tá 2,2 milliún duine fostaithe acu ([6]).

([1]) Preaseisiúint ón gComhairle, 5 Aibreán 2022, (https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2022/04/05/council-adoptsconclusions-on-strategic-autonomy-of-the-european-economic-and-financial-sector/).
([2]) *A Capital Market Union for Europe: Why It's Needed and How to Get There*, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), 2019.
([3]) Foinse: An Chónaidhm Bhaincéireachta Eorpach, 2020.
([4]) Foinse: An Banc Ceannais Eorpach.
([5]) *Financing the Europe of Tomorrow*, An Chónaidhm Bhaincéireachta Eorpach, 2020.
([6]) *Banking in Europe: EBF Facts & Figures 2020*, An Chónaidhm Bhaincéireachta Eorpach, 2020.

2.5. Mar sin féin, níl earnáil airgeadais an Aontais ag feidhmiú chomh maith céanna leis an earnáil airgeadais i mórgheilleagair eile, amhail na Stáit Aontaithe. Ó bhí an ghéarchéim airgeadais dhomhanda ann, is ionann na torthaí ar chothromas san Aontas agus 4,3 % ar an meán, i gcomparáid le 7,1 % sna Stáit Aontaithe ([7]). In 2022, b'airde caipitliú margaidh an bhainc is mó sna Stáit Aontaithe ná caipitliú margaidh na 10 mbanc is mó sa limistéar euro i dteannta a chéile (EUR 462 bhilliún *vs* EUR 468 mbilliún). Is measa sin ná mar a bhí cúrsaí in 2008 ([8]). Tá na bainc Eorpacha tar éis titim chun deiridh ar an mbonn idirnáisiúnta, go háirithe i gcás deighleoga gnó amhail cumaisc agus éadálacha, réimse inarbh ionann sciar margaidh na gcúig bhanc is fearr san Aontas agus 12 % in 2022 (síos ó 25 % in 2010) ([9]), agus an bhaincéireacht infheistíochta i gcoitinne, réimse inar éirigh le bainc atá bunaithe sna Stáit Aontaithe a sciar de mhargadh an Aontais a ardú ó 44 % in 2007 go 58 % in 2022 ([10]).

2.6. Baineann roinnt tosca éagsúla le tearcfheidhmíocht na mbanc Eorpach. Chuir an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus géarchéim an fhiachais cheannasaigh srian le hacmhainn fhioscach na mBallstát AE, fad agus go raibh na Stáit Aontaithe in ann an earnáil baincéireachta a chobhsú agus a athshlánú ar bhonn ní ba thapúla a bhuíochas sin ar spás fioscach na tíre ([11]). D'fhág an beartas airgeadaíochta réidh atá sa limistéar euro gur tháinig laghdú ar an nglanchorrlach úis agus ar bhrabúsacht na gníomhaíochta iasachtaithe. Ina theannta sin, tá earnáil airgeadais an Aontais faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar ró-acmhainneacht na hearnála, an ilroinnt atá sa mhargadh agus na margaí caipitil beagfhorbartha ([12]).

2.7. Ó bhí an ghéarchéim airgeadais dhomhanda ann, tá bearta déanta chun creat rialála baincéireachta an Aontais a neartú bunaithe ar chaighdeáin Basel III. Cuireadh tionscnaimh agus bearta eile chun feidhme, amhail an creat a tugadh isteach ar mhaithe le téarnamh nó fiú réiteach bainc anásta, d'fhonn an mhaoirseacht a fheabhsú trí SAM a chruthú.

2.8. Déanann an Coimisiún Eorpach na píosaí reachtaíochta atá ann cheana a mheas agus a fheabhsú chomh maith. A bhuí leis an tionscnamh maidir le Rialáil Níos Fearr, agus go sonrach an clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), arb é is aidhm dó a áirithiú go bhfuil beartas an Aontais bunaithe ar fhianaise, dlíthe an Aontais a dhéanamh níos simplí agus níos fearr, agus geallsealbhóirí a bheith rannpháirteach ann ([13]). Tá clár REFIT ina chuid den tionscnamh sin. Tacaíonn an tArdán 'Réidh don Todhchaí' leis an gCoimisiún sa mhisean sin. Cuireann geallsealbhóirí tuairimí le chéile san ardán sin lena gcur san áireamh ag an gCoimisiún sa tograí uaidh agus déanann an grúpa Geallsealbhóirí ionadaíocht ar CESE ann.

2.9. Ón 1 Márta 2023 i leith, tá seiceáil iomaíochais le cur chun feidhme sna measúnuithe tionchair uile ar mhaithe leis an tionscnamh maidir le Rialáil Níos Fearr a neartú. Tá ceithre ghné le cumhdach sa tseiceáil, eadhon (1) feidhmiú an mhargaidh agus an chaoi a n-oibríonn sé ó thaobh costas agus praghasmhúnlú, (2) an tionchar sonrach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), (3) an tionchar ar an iomaíochas idirnáisiúnta agus (4) an tionchar ar an gcumas nuálaíochta.

2.10. Déanann Parlaimint na hEorpa breithmheasanna tosaigh agus breithmheasanna ar an gcur chun feidhme. Sna breithmheasanna tosaigh déantar anailís ar láidreachtaí agus laigí na measúnuithe tionchair arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach, ar leibhéal teicniúil. Maidir leis na breithmheasanna ar an gcur chun feidhme, tugann siad forléargas do choistí parlaiminteacha ar chur chun feidhme píosa reachtaíochta atá ina cuid de Chlár Oibre an Choimisiúin ([14]).

3. **Tuairimí ginearálta**

3.1. Is díol sásaimh do CESE an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach seiceáil iomaíochas a thabhairt isteach i ngach uile bheartas agus togra reachtach ón Aontas amach anseo, mar a d'fhógair an Coimisiún ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach. Aontaíonn CESE freisin leis an aidhm uathriail straitéiseach a bhaint amach. Is éard is uathriail straitéiseach ann an tAontas a bheith in ann a leasanna a shaothrú gan bheith ag brath an iomarca ar stáit eachtracha ([15]). Mar chuid den tseiceáil iomaíochais, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rialachán atá beartaithe, i.e. measúnú *ex ante*, agus/nó ar a éifeachtaí a bhí an rialachán sin, i.e. measúnú *ex post*. Ba cheart a chur san áireamh inti freisin saincheisteanna a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a chuireann leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar an nuálaíocht chomh maith.

([7]) *A decade after the global financial crisis: What has (and hasn't) changed?*, McKinsey Global Institute, 2018.
([8]) Foinse: Banks Daily (https://banksdaily.com/topbanks/Europe/market-cap-2023.html) agus *National champions now dominate in banking*, Financial Times, 2023.
([9]) *European bank M&A activity crashes to 5-year low in 2022*, S&P Global Market Intelligence.
([10]) *Investment Banking in Europe: where we are and where we are going. Implications for firms, financial institutions and regulators*, Caselli *et al*, Ollscoil Bocconi, 2020.
([11]) 'Without the quick and massive policy response, the Great Recession might still plague the United States', *Finance & Development*, Eagrán 47, Uimh. 4, Nollaig 2010.
([12]) 'Understanding the profitability gap between euro area and US global systemically important banks', *Occasional Paper Series*, an Banc Ceannais Eorpach, 2023.
([13]) *Rialáil Níos Fearr: cén fáth agus cén chaoi?*, an Coimisiún Eorpach.
([14]) Féach, mar shampla, an breithmheas ar an gcur chun feidhme *Anti-money-laundering package 2021*, Parlaimint na hEorpa.
([15]) *EU Strategic Autonomy 2013-2023*, Parlaimint na hEorpa.

3.2. Creideann CESE go bhfuil sé tábhachtach an tseiceáil iomaíochais a bheith a chuimsithí agus is féidir, i bhfianaise an tionchair ar ghnólachtaí, slabhraí soláthair, an fhostaíocht agus dálaí oibre, mar aon leis an tionchar maicreacnamaíoch. Ba cheart seiceáil stóinseach iomaíochais a dhéanamh ar gach tionscnamh nua mar bheart rialaithe lena n-áiritheofaí go gcuirfeadh na tograí leis an iomaíochas, leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás inbhuanaithe. Tugann CESE dá aire nach mór seiceálacha iomaíochais san earnáil airgeadais a dhéanamh go hiomlán i gcomhréir leis na caighdeáin agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta, amhail creat Basel III.

3.3. Chun go mbeidh an Eoraip níos láidre, beidh an trádáil dhomhanda agus rochtain ar sheirbhísí airgeadais ríthábhachtach i gcónaí chun an fhás eacnamaíoch a thiomáint chun cinn. Cuireann na bainc Eorpacha le rath na hEorpa trí leathnú na gcorparáidí Eorpacha a chumasú nó trí chabhrú le cuideachtaí eachtracha oibriú san Eoraip. Is eilimintí ríthábhachtacha den trádáil dhomhanda agus de gheilleagair rathúla iad rochtain ar mhargaí trasteorann agus éifeachtúlacht an mhargaidh.

3.4. Ag an am céanna, tá an-tábhacht go deo le córas baincéireachta cobhsaí, éagsúil, athléimneach agus iomaíoch, mar aon le tuilleadh uathrialach i bpríomhdheighleoga, amhail an bhaincéireacht infheistíochta. Fágtar earnáil airgeadais an Aontais faoi mhíbhuntáiste mar thoradh ar thosca struchtúracha, amhail ró-acmhainneacht na hearnála, ilroinnt an mhargaidh agus margaí caipitil beagfhorbartha. Níl slabhraí luacha na hearnála baincéireachta san Aontas leath chomh comhtháite agus atá siad sna Stáit Aontaithe, rud a fhágann go bhfuil tuilleadh brú iomaíochta ar na bainc san Aontas agus nach bhfuil an deis chéanna acu tairbhe a bhaint as barainneacht scála.

3.5. Tugann CESE dá aire go bhfuiltear fós ag na céimeanna tosaigh de chomhtháthú na margaí caipitil ar fud an Aontais. Mar thoradh ar Brexit, chaill an tAontas 30 % den mhéidmhargadh a bhíodh aige ([16]). Is lú margaí caipitil an Aontais ná margaí caipitil na Stát Aontaithe: tá sciar 13 % den mhargadh domhanda ag an Aontas i gcomparáid le 45 % i gcás na Stát Aontaithe ([17]). Cé gur seoladh roinnt príomhthionscnaimh bheartais mar thoradh ar Aontas na Margaí Caipitil atá ábhartha ina leith sin, tá bacainní móra fós ann, cuir i gcás córais chánachais agus dócmhainneachta a bhfuil easpa comhchuibhithe eatarthu.

3.6. Sna measúnuithe tionchair agus sa mheastóireacht *ex post* ar bheartais an Aontais Eorpaigh, ba cheart an tionchar ar ghníomhaíocht institiúidí airgeadais an Aontais atá ag feidhmiú i dtríú tíortha a chur san áireamh ar mhaithe lena áirithiú nach gcruthófaí iomaíocht éagórach *vis-à-vis* iomaitheoirí áitiúla de dheasca na gceanglas a forchuireadh.

3.7. Maidir le huathriail airgeadais na hEorpa, eadhon, cumas ghníomhaithe airgeadais an Aontais tacaíocht éifeachtúil agus éifeachtach a thabhairt d'fhíorgheilleagar an Aontais, tá sí easnamhach agus is féidir í a fheabhsú. Tá margaí airgeadais na hEorpa fós deighilte go mór i ngeall ar na teorainneacha idir tíortha, agus braitheann na coigilteoirí agus infheisteoirí go mór ar chórais bhaincéireachta náisiúnta. Tá sé tábhachtach seirbhísí éifeachtúla baincéireachta corparáideacha agus infheistíochta a bheith san Eoraip, amhail eisiúint fiachais agus caipitil nó maoiniú struchtúrtha, á chur san áireamh go bhféadfadh bainc thar lear deireadh a chur lena ngníomhaíochtaí Eorpacha i gcás suaitheadh sa mhargadh, rud a fhágann nach slán an rochtain atá ag corparáidí ar acmhainní ríthábhachtacha.

3.8. Is maith an rud é go bhfuil éagsúlacht in earnáil baincéireachta an Aontais. Mar shampla, is earnáil í ina bhfuil bainc ar de mhéideanna difriúla iad, a bhfuil struchtúir éagsúla úinéireachta acu agus samhlacha difriúla gnó. Tá an éagsúlacht sin ag teacht le héagsúlacht an mhargaidh ar a bhfuil sí ag freastal agus is athléimní go mór an earnáil dá barr. Bunphrionsabal de chuid dhlí an Aontais é cothrom iomaíochta a chaomhnú i dtaca le gach rannpháirtí sa mhargadh intíre agus is réamhriachtanas ríthábhachtach é freisin chun iomaíochas bhainc an Aontais sa bhaile agus thar lear a chaomhnú.

3.9. Cuireann easpa iomaíochais earnáil airgeadais an Aontais isteach go mór ar ár gcuid banc, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh drochiarmhairtí i gceist leis sin sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Aithníonn CESE nach mór don earnáil baincéireachta, dála aon earnáil eile, íosleibhéal brabúsachta a bhaint amach chun go mbeidh sí inbhuanaithe san fhadtéarma. Tá brabús na mbanc bunriachtanach sa chaoi go ngineann siad cúlchistí caipitil. Is ar na cúlchistí sin a bhíonn an acmhainneacht iasachtaithe agus an cumas chun dáileacháin a dhéanamh ar infheisteoirí ag brath. Tá an méid sin ábhartha go háirithe agus maoiniú suntasach ag teastáil na laethanta seo chun an t-aistriú glas agus digiteach a bhaint amach.

3.10. Beidh ríthábhacht le maoiniú ón earnáil phríobháideach agus ó na bainc chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh bheartais amach anseo trína neartófar geilleagar na hEorpa. Tá meastachán déanta ag an gCoimisiún Eorpach go dteastóidh infheistíocht bhreise EUR 360 billiún in aghaidh na bliana chun a spriocanna dícharbónaithe do 2030 a mhaoiniú ([18]). I gcomhthéacs ina dtagann an chuid is mó den mhaoiniú gnó ó na bainc, agus á chur san áireamh go bhfuil cuid mhór de na margaí caipitil neamhfhorbartha agus go bhfuil deighleog láidir FBManna ann, is ó na bainc a thiocfaidh mórán, nó an chuid is mó, den mhaoiniú glas agus digiteach san Aontas. Á chur san áireamh go mbeidh riachtanais ollmhóra infheistíochta ag an Aontas sna blianta fada amach romhainn, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh sé d'Aontas na Margaí Caipitil a chur i gcrích san Aontas agus go gcruthóidh sé togra uile-Eorpach le haghaidh infheistíocht phríobháideach ó infheisteoirí ón Aontas. Ba cheart na héifeachtaí ar infheistíocht a mheas sa mheastóireacht *ex post* ar bheartais an Aontais, agus í a bhunú i gcónaí ar shonraí inrochtana.

([16]) *Implications of Brexit for the EU financial landscape*, BCE, 2020.
([17]) *What do EU capital markets look like on the other side of Brexit?* New Financial, 2020
([18]) SWD(2020) 176 final.

3.11. Tugann CESE dá aire go bhfuil an timpeallacht eacnamaíoch atá ann dúshlánach agus molann sé go ndéanfaí bearta na todhchaí a dhíriú ar an bhfás agus an t-iomaíochas, gan cosaint an tomhaltóra ná cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais a chur i mbaol, ar cheart iad a bheith ina bpríomhthosaíochtaí beartais go deo.

3.12. I gcomhréir leis an tuairim ó CESE *Aontas na Margaí Caipitil: Aontas do Dhaoine agus do Ghnólachtaí – plean gníomhaíochta nua* ([19]), aontaíonn CESE le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus é tugtha dá haire aici nár chabhraigh an reachtaíocht urrúsúcháin i ndáiríre leis na bainc a n-acmhainneacht iasachtaithe a mhéadú, go háirithe do FBManna ([20]).

3.13. Tugann CESE dá aire nár éirigh go hiomlán le haon iarracht a rinneadh go dtí seo Aontas na Margaí Caipitil a chur i gcrích, bíodh agus gur céim chun cinn a bhí sna hiarrachtaí sin. Is léir ón méid a thit amach le déanaí, lena n-áirítear cliseadh Credit Suisse, gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh, ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, chun na cuspóirí beartais ar thángthas orthu tar éis na géarchéime domhanda airgeadais a bhaint amach. Tuigtear do CESE nach mbeadh fás ná iomaíochas ann gan cobhsaíocht airgeadais. Agus cobhsaíocht airgeadais ann, bíonn caipiteal poiblí agus príobháideach cosanta sa chaoi nach féidir le bainc ar theip orthu an caipiteal sin a ionsú ar mhaithe le tarrtháil. Ina theannta sin, bíonn an geilleagar trí chéile cosanta ar an míshocracht agus ar an damáiste comhthaobhach a d'eascródh as teip na mbanc sin.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tacaíonn CESE leis an tseiceáil nua iomaíochais le haghaidh reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Cumhdófar ceithre ghné leis an tseiceáil iomaíochais: feidhmiú an mhargaidh agus an chaoi a n-oibríonn sé ó thaobh praghasmhúnlú agus costas; an tionchar sonrach ar FBManna; an tionchar ar an iomaíochas idirnáisiúnta; agus an tionchar ar an gcumas nuálaíochta. Cé go bhfuil na ceithre eilimint ábhartha i gcás gach togra reachtaigh, lena n-áirítear na tograí a bhfuil tionchar acu ar an earnáil airgeadais, tá CESE ar son na gnéithe a cheangal le heilimintí a bhaineann go sonrach leis an earnáil airgeadais.

4.1.1. D'fhéadfaí eilimintí a bhaineann le caomhnú na cothroime iomaíochta san Aontas a chlúdach sa ghné maidir le feidhmiú an mhargaidh ar mhaithe lena áirithiú go mbeidh ar chumas na mbanc a fheidhmíonn i mbreis agus an t-aon dlínse amháin san Aontas dul san iomaíocht, ar na dálaí céanna, leis na bainc náisiúnta i ngach ceann dá spriocmhargaí agus a mhalairt. Baineann tábhacht leis an iomaíochas freisin i gcás na mbanc idirnáisiúnta atá ag feidhmiú i dtríú tíortha agus atá san iomaíocht le gníomhaithe áitiúla. Anuas air sin, ba cheart a áirithiú, trí bhíthin na gné maidir le cothrom iomaíochta, go mbeadh ar chumas bhainc an Aontais dul san iomaíocht go héifeachtach le hiomaitheoirí nua, amhail mórchuideachtaí teicneolaíochta. Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar an nGníomh um Margaí Digiteacha ([21]) agus ar an athbhreithniú atá á dhéanamh ar an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta ([22]), is é atá á mholadh ag CESE go sainaithneoidh an Coimisiún Eorpach réimsí ina mbeidh rialáil bhreise ag teastáil d'fhonn an rialáil agus an mhaoirseacht chéanna a chur i bhfeidhm ar na gníomhaithe uile a sholáthraíonn na seirbhísí céanna. Ar deireadh, ba cheart eilimintí a bhaineann le cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais a chumhdach sa ghné maidir le feidhmiú an mhargaidh. Faoin ngné sin, ba cheart an tseiceáil iomaíochais a úsáid ar mhaithe lena mheas an gcuireann an reachtaíocht atá beartaithe le cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais, san Aontas agus ar fud an domhain, nó nach gcuireann.

4.1.2. Ó thaobh an rialacháin airgeadais de, cumhdaítear eilimintí a bhaineann le rochtain ar mhaoiniú sa ghné 'tionchar ar FBManna'. Agus anailísí á ndéanamh ar an ngné sin, d'fhéadfaí leas a bhaint as na hacmhainní atá ann cheana, amhail Suirbhé leathbhliantúil BCE maidir le Rochtain Fiontar ar Mhaoiniú (SAFE), i measc acmhainní eile. Tá CESE á mholadh go ndéanfadh an Coimisiún Eorpach réimsí a shainaithint ina bhféadfaí na costais chun freastal ar an deighleog a laghdú trí ghníomhaíocht rialála bhreise a dhéanamh (e.g. cur leis an méid sonraí atá ar fáil maidir le FBManna, na nósanna imeachta dócmhainneachta a aonchineálú etc.). Chuige sin, tugann CESE dá aire gur gá an tástáil FBManna a dhéanamh ar bhealach córasach agus comhsheasmhach.

4.1.3. Cuireann an éagsúlacht a bhaineann le hearnáil na baincéireachta san Aontas, ó thaobh méide agus samhlacha gnó de, le hathléimneacht agus acmhainneacht nuálaíochta na hearnála. Dá réir sin, tá CESE den tuairim, maidir le haon tionscnamh beartais arb é is aidhm dó feabhas a chur ar iomaíochas earnáil baincéireachta an Aontais, nár cheart a ligean i ndearmad a riachtanaí a bheadh sé cothrom iomaíochta a chaomhnú laistigh de mhargadh baincéireachta an Aontais féin agus a áirithiú go mbeadh bainc den uile mhéid in ann dul san iomaíocht ar na dálaí céanna ina margaí féin. Tugann sé sin le fios go bhfuil cur chuige comhréireach rialála ag teastáil, ceann nach gcuirfidh isteach ar cheanglais fhónta chaipitil, á áirithiú san am céanna go mbeidh an earnáil i gcónaí faoi réir dhlúthmhaoirseacht SAM. Anuas air sin, tacaíonn CESE le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun tuilleadh comhchuibhithe a bhaint amach agus gníomhaíocht rialála agus maoirseachta a chuíchóiriú, le go mbeadh sé ní b'fhusa agus ní b'éifeachtaí (ó thaobh costas de) do rannpháirtithe sa mhargadh ionchais rialála a chomhlíonadh agus comhsheasmhacht le gníomhaíocht beartais níos leithne á áirithiú.

4.1.4. Ar deireadh, maidir leis an ngné 'cumas nuálaíochta', molann CESE sraith táscairí a bhunú lena ndéanfar measúnú ar mhéid na digiteála agus an chistiúcháin: mar shampla, táscairí amhail iasachtú trasteorann, tairiscintí tosaigh trasteorann don phobal, méid na n-infheistíochtaí trasteorann, agus céatadán an mhaoinithe cothromais a chruinnítear sna margaí caipitil.

([19]) IO C 155, 30.4.2021, lch. 20.
([20]) Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2020: *Capital Markets Union – Slow start towards an ambitious goal*, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, 2020.
([21]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).
([22]) COM(2023) 365 final.

4.2. Is oth le CESE nach ndearna an Coimisiún modheolaíocht a fhorbairt le tionchar comhiomlán na mbeart beartais ar iomaíochas an Aontais a mheas, agus tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún an tseiceáil iomaíochais a chur chun feidhme i gcás pacáistí reachtacha agus chlár oibre an Choimisiúin ar an iomlán, seachas i gcás tograí reachtacha aonair AE amháin.

4.3. Tugann CESE dá aire go bhfuil an tseiceáil iomaíochais mar chuid den chreat um Rialáil Níos Fearr agus tá sé ag iarraidh go dtabharfar rochtain dó ar an tsraith nua measúnuithe *ex ante* agus *ex post* ar an rialachán nua atá beartaithe. Go háirithe, ba cheart na gnéithe seo a leanas a bheith ina gcuid den anailís: mar a éiríonn le gnólachtaí ón Aontas cos a choinneáil le gnólachtaí ar fud an domhain agus iad san iomaíocht le chéile, mar a oibríonn cuideachtaí de chuid an Aontais i dtíortha nach bhfuil san Aontas i gcomparáid leis na hiomaitheoirí áitiúla, mar a éiríonn le margaí airgeadais san Eoraip iad féin a chomhtháthú tuilleadh agus gnólachtaí agus infheistíochtaí a mhealladh ó gach cearn den domhan ar bhonn níos fearr agus mar a thacaíonn an earnáil airgeadais leis an bhfás trí riachtanais gheilleagar na hEorpa i gcoitinne a chomhlíonadh.

4.4. Tá aird á tabhairt ag CESE ar na moltaí sa tuarascáil ar mhodheolaíocht mheasúnaithe tionchair an Choimisiúin ón Aonad um Measúnú Tionchair Ex Ante (IMPA) i Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) ([23]). Léirítear sna sonraí staidrimh a bhailigh IMPA gur 'lag' 29 % de na measúnuithe tionchair a ndearnadh breithmheas orthu agus a foilsíodh idir mí Iúil 2015 agus mí na Nollag 2018 agus léirítear freisin gur gá measúnú níos críochnúla a dhéanamh ar na tionchair shóisialta agus chomhshaoil, mar aon le hanailís níos comhsheasmhaí ar na tionchair ar iomaíochas FBManna.

4.5. Baineann ceann de na pointí a d'ardaigh IMPA leis an ionadaíocht a dhéantar ar na geallsealbhóirí nach bhfuil sásúil. Tagann CESE leis an tuairim go bhféadfadh sé go gcuirfí as do gheallsealbhóirí páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin eile dá mba rud é nach léireofaí na tuairimí atá acu i gceart, agus rachadh sé sin i gcoinne na haidhme maidir le comhairliúcháin a chur chun cinn ar an uile leibhéal rialachais amach anseo.

4.6. Tá CESE á mholadh go ndéanfar sonraí criticiúla a bhailiú go córasach agus go ndéanfar faireachán agus meastóireacht chórasach orthu le gur féidir meastóireacht *ex post* iomchuí a dhéanamh ar thionscnamh. Ba cheart don Choimisiún soiléiriú a thabhairt ar na modhanna a úsáidtear d'fhonn cuspóirí sainiúla, cáilíocht agus cuntasacht na gcleachtaí *ex ante* agus *ex post* araon a chaomhnú san fhadtéarma.

4.7. Cé go bhfuil sainorduithe an tsásra aonair maoirseachta agus údarás maoirseoireachta baincéireachta inniúil eile dírithe go soiléir ar chobhsaíocht praghsanna agus airgeadais, ní mór aird chuí a thabhairt ar thionchar maicreacnamaíoch an rialacháin airgeadais agus ar a chomhsheasmhaí atá sé le cuspóirí an bheartais eacnamaíoch i gcoitinne i gclár oibre polaitiúil institiúidí an Aontais, agus i gceapadh agus i gcur chun feidhme cleachtaí measúnaithe agus meastóireachta.

4.8. Tá CESE fós ag tacú go láidir leis na bearta sin de chuid Aontas na Margaí Caipitil a neartaíonn cobhsaíocht airgeadais agus comhtháthú airgeadais an Aontais agus leis an maoirseacht a dhéanann SAM ar eintitis shuntasacha airgeadais – nó grúpa eintiteas a bhfuil dlúthnasc eatarthu – sa limistéar euro. Tugann CESE dá aire go bhfuil fadhb na ró-acmhainneachta fós ina bac mór struchtúrach ar bhrabúsacht na hearnála agus ina riosca don chobhsaíocht airgeadais freisin. Mar atá curtha in iúl ag BCE agus ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, ní hé an comhdhlúthú an t-aon réiteach atá ann chun aghaidh a thabhairt ar ró-acmhainneacht: ní foláir cead a gcinn a thabhairt do bhainc thearcfheidhmíochta an margadh a fhágáil ar bhealach sábháilte socair (trí bhíthin dócmhainneachta nó rúin), gan cur isteach polaitiúil.

An Bhruiséil, an 13 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([23]) *Appraising the quality of the European Commission's impact assessments*, staidéar, Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, 2019.